“Ceann de na tosaíochtaí reatha is ea rudaí ar a dtugtar pobail áitiúla fuinnimh a chruthú”

Agallamh le José Antonio Serrano Martínez, Méara Murcia, an Spáinn, buaiteoir ghradam “Cathair sa Spotsolas” Chúnant na Méaraí.

[Oifig Chúnant na Méaraí – An Eoraip:] **Ba í Murcia an chéad bhardas Spáinneach a thug gealltanas do Chúnant na Méaraí, chomh fada siar le 2008! Ag machnamh ar na 13 bliana sin mar chuid den ghluaiseacht, cad iad na héachtaí is mó atá bainte amach ag an gcathair i dtéarmaí aeráide agus fuinnimh, dar leat?**

[An Méara Serrano Martínez:] Tá spriocanna iolracha bainte amach ag Murcia le linn na tréimhse sin, agus bhí cuspóirí a SEAP 2020 (Plean Gníomhaíochta um Fhuinneamh Inbhuanaithe) a chomhlíonadh ar cheann acu, aidhm a formheasadh i mí na Samhna 2010 agus é mar aidhm aige astaíochtaí CO_2 a ghearradh de 20%. Ba é an toradh ná laghdú 428,334 tonna CO_2 ar a laghad in 2020, i gcomparáid le leibhéil astaíochtaí 2007. Tá sé beartaithe againn anois an cuspóir sin a thabhairt go dtí an chéad leibhéal eile agus astaíochtaí a ghearradh de 40% i SECAP 2030 (Plean Gníomhaíochta um Fhuinneamh Inbhuanaithe agus Aeráide), ar fadú nádúrtha é ar SEAP 2020; Táim bródúil freisin gur thacaigh an chathair, fad a bhí mé i mo mhéara ar Murcia, le fís Chúnant na Méaraí chun neodracht ó thaobh díobháil aeráide a bhaint amach faoi 2050.

Is fórsa spreagtha é rannpháirtíocht Murcia i gCúnant na Méaraí agus tugann sé tacaíocht dúinn chun an t-athrú aeráide a mhaolú agus oiriúnú dó. Is i bhfoirm aitheantais a thagann an tacaíocht Eorpach seo agus ligeann sí dúinn úsáid a bhaint as na hacmhainní agus na deiseanna líonraithe a theastaíonn chun gealltanais fuinnimh agus aeráide a chomhlíonadh. Is spreagadh agus fórsa tiomána araon an t-aitheantas sin.

Le déanaí, d'fhormhuinigh an chathair fís 2050 Chúnant na Méaraí d'Eoraip a bheidh níos cothroime agus neodrach ó thaobh díobháil aeráide de. Baineann cuid den ghealltanas nua seo le comhoibriú le gníomhaithe agus saoránaigh áitiúla. Cad atá á dhéanamh ag Murcia ina leith seo?

Má theastaíonn uainn go n-athródh sochaí, cuideachtaí, institiúidí agus lucht riaracháin Murcia a gcuid nósanna agus go ndíreoidh siad ar thionscadal coiteann ina léireofaí níos mó measa ar an gcomhshaol, tá sé riachtanach go mbeadh na gníomhairí agus na heintitis shóisialta folaigh go léir sa bhardas ar bord. Beidh sé sin riachtanach chun gur féidir linn comhthionscadal spreagúil rathúil a chruthú ina mbeidh ról againn go léir agus as a bhfaighimid luach saothair. Sin an fáth a dtiocfaidh Straitéis 2030 um Maolú ar an Athrú Aeráide agus Straitéis an Aontais Eorpaigh maidir le hOiriúnú don Athrú Aeráide an bhardais chun buaicphointe le próiseas rannpháirteach a mbeidh gníomhairí sóisialta, eagraíochtaí, cumainn ghairmiúla, saineolaithe, ionaid eolais agus go leor grúpaí eile páirteach ann.

Ar cheann de na tosaíochtaí atá ann faoi láthair tá an rud a dtugtar pobail áitiúla fuinnimh a chruthú, a reáchtálann saoránaigh, FBManna agus na húdaráis áitiúla. Mar sin tá sé ríthábhachtach na gníomhaithe seo go léir a threorú tríd an bpróiseas agus fíor-aistriú fuinnimh a éascú. Beidh muintir na háite in ann fuinneamh a tháirgeadh, é a úsáid, a stóráil, a roinnt nó fiú é a dhíol, rud a fhágfaidh go mbeidh sé seo ina fhachtóir ríthábhachtach chun costais a laghdú agus chun cur le fíor-aistriú fuinnimh.

Ina theannta sin, tá sé mar aidhm againn feachtais phoiblíochta a sheoladh a chuirfidh eolas agus oiliúint ar fáil maidir leis an athrú aeráide, a spreagfaidh rannpháirtíocht na saoránach in oiriúnú an bhardais agus trína gcothófar idirphlé oscailte. Má tá an aeráid ag athrú, cén fáth nach n-athróimidne freisin?

Ar tháinig tú trasna ar aon chonstaicí móra a chuir bac ar do phleananna áitiúla aeráide agus fuinnimh? Conas a sháraigh tú iad?

Is é an chonstaic is mó ná maoiniú a fháil chun gníomhartha maolaithe agus oiriúnaithe a dhéanamh chun dul i ngleic leis an athrú aeráide. Toisc go bhfuil acmhainní bardasacha teoranta, ní mór dúinn foinsí eile a aimsiú, chomh maith le gealltanas a thabhairt go leithdháilfear na hacmhainní riachtanacha sna buiséid bhliantúla agus gealltanas airgeadais daingean a dhéanamh do na blianta atá le teacht. Úsáidtear meicníochtaí maoinithe éagsúla de ghnáth, amhail cistí imrothlacha, scéimeanna maoinithe ag tríú páirtithe, léasú, cuideachtaí seirbhíse fuinnimh (ESCOanna) nó comhpháirtíochtaí poiblí príobháideacha. Táimid ag iarraidh freisin dul i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí príobháideacha agus poiblí eile agus foinsí eile maoinithe a lorg trí na scéimeanna éagsúla deontais agus fóirdheontais náisiúnta agus Eorpacha. Ní mór dúinn gach rogha inmharthana atá ann a scrúdú.

Constaic eile atá le sárú is ea feasacht a chothú i measc na saoránach chun a gcuid nósanna a athrú, agus mar sin táimid ag díriú ár n-iarrachtaí ar fheasacht a mhéadú ar shaincheisteanna inbhuanaitheachta. Tá bearna tugtha faoi deara againn idir an eolaíocht agus comhfhios an phobail, mar a déarfá, agus ní mór dúinn rannpháirtíocht níos mó a chothú i measc na saoránach, lucht gnó, grúpaí sóisialta agus grúpaí polaitiúla chun díriú ar an fhadhb seo agus í a chomhrac.

Cén fáth ar shocraigh tú cur isteach ar Ghradam 'Chathair sa Spotsolas' Chúnant na Méaraí?

Táimid bródúil as a bheith mar chuid de phobal Chúnant na Méaraí don Aeráid agus d'Fhuinneamh agus creidim gur deis iontach iad na gradaim seo de chuid Chúnant na Méaraí lenár dtiomantas a léiriú, agus muid ag iarraidh a bheith mar eiseamláir do phobal iomlán an Chúnaint agus níos faide i gcéin. Tugann an dearcadh sin an móiminteam agus an spreagadh dúinn a theastaíonn chun leanúint ar aghaidh ar an mbealach seo. Creidimid san Eoraip agus creidimid i gCúnant na Méaraí agus sna deiseanna go léir a chuireann sé ar fáil. Is dúshlán don domhan í an aimsir fhoircneach, agus mar mhéara ar Murcia creidim go mbeidh freagairt aontaithe Eorpach níos láidre.

Conas a bheidh Murcia in 2050, dar leatsa?

I Murcia creidimid go daingean i dtionscadal cathrach inarb iad an inbhuanaitheacht agus meas ar an gcomhshaol nádúrtha na colúin bhunúsacha d'fhás agus do dheiseanna amach anseo. Tá sé mar aidhm ag foireann mo rialtais bardas níos struchtúrtha, níos nasctha, níos cothroime, níos inbhuanaithe agus níos oscailte a dhéanamh de Murcia, agus cuirfear raon tionscadal i gcrích go luath amach anseo agus gach ceann acu dírithe ar cháilíocht na beatha i Murcia a fheabhsú.

Ar cheann de na príomhthionscadail tá an obair uirbithe ar a dtugtar Crios 0, a bhaineann le seanráillí traenach a chlúdach chun tionscnamh claochlaithe uirbeach ina mbeidh lánaí rothar, limistéir ghlasa agus limistéir áineasa a dhéanamh den cholm seo a scoilteann an pobal. Ina theannta sin, má dhéantar na ráillí a chur faoi thalamh, déanfar mórchosán den chonair iarnróid atá ann faoi láthair ina dtabharfar tús áite do choisithe agus dhá chonair chun an cosán nua a nascadh le habhainn Segura.

Beidh spásanna do choisithe ar cheann de shainmharcanna an bhardais sna míonna amach romhainn, mar aon le leathnú na gcriosanna astaíochtaí ísle (LEZanna) agus gníomhaíochtaí éagsúla chun cáilíocht an aeir a fheabhsú. Seolfar treoirthionscadail do choisithe a bhainfidh le

bóithre réigiúnacha chun críche inmharthanacht a fhíorú agus buansocruithe do choisithe a thabhairt isteach.

Feabhsófar soghluaisteacht sa bhardas trí thionscadail iomadúla a bheidh dírithe ar iompar poiblí a fhorbairt, níos mó lánaí rothar a chruthú, córacha éagsúla iompair a chomhtháthú, ardáin eisiacha a scaradh le haghaidh iompar uirbeach agus spásanna páirceála atá comhtháite le hiompar poiblí a thógáil. Is é an cuspóir bardas dinimiciúil a thógáil a thacóidh leis an gcaidreamh fisiciúil idir an chathair agus na ceantair.

Forbrófar gníomhaíochtaí éagsúla a mhéadóidh go mór na spásanna glasa sa bhardas, agus is cuspóir eile fós é spásanna d'idirghníomhú idirghlúine a dhéanamh de na limistéir ghlasa. Chuige sin, díreoidh roinnt tionscadal ar áiseanna callaistéinice, scátála nó fisiteiripe.

Tá sé ríthábhachtach an bonneagar glas ceart a chruthú chun bithéagsúlacht a fheabhsú sa limistéar uirbeach, mar thomhas ar oiriúnú don aeráid.

Táimid ag bogadh go seasta freisin i dtreo féintomhaltas fuinnimh – príomhais an aistrithe fuinnimh – ag tosú lenár bhfoirgnimh chathrach agus ag teacht go dlúth le pobail fuinnimh áitiúla a chur chun cinn. Dúshlán tábhachtach eile atá romhainn is ea feithiclí leictreacha a thabhairt isteach, chomh maith le dáileadh níos cothroime a bhaint amach i dtaca le córacha iompair nó dáileadh níos inbhuanaithe don mhíle dheireanach.

Is deis chun dul i bhfeabhas í infheistíocht a dhéanamh san inbhuanaitheacht agus is deis fáis í a chaithfimid a thapú in Murcia.

Chun ár gcur i láthair ón samhradh seo caite a fheiceáil ina leagtar béim ar na tionscadail is mó atá le seoladh sna míonna amach romhainn, oscail, le do thoil: https://centromedios.murcia.es/PUBLICO/NotaPrensa/Default.aspx?pIdPagina=25&pIdNoticia=60460#ad-image-0